Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 29 Samhain 2022**
**(OR. en)**

**14460/22**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0330(NLE)**

**TRANS 689**
**COWEB 146**
**ELARG 97**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, i gCoiste Stiúrtha Réigiúnach an Chomhphobail Iompair a mhéid a bhaineann le hathruithe áirithe ar rialacha riaracháin agus foirne agus a mhéid a bhaineann le tabhairt isteach liúntais oideachais agus rialacha maidir le hiasacht agus saineolaithe fostaithe go háitiúil |

**CINNEADH (AE) 2022/... ÓN gCOMHAIRLE**

**an ...**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, i gCoiste Stiúrtha Réigiúnach an Chomhphobail Iompair a mhéid a bhaineann le hathruithe áirithe ar rialacha riaracháin agus foirne agus a mhéid a bhaineann le tabhairt isteach liúntais oideachais agus rialacha maidir le hiasacht agus saineolaithe fostaithe go háitiúil**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 91 agus Airteagal 100(2), i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Shínigh an tAontas an Conradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair (TCT) i gcomhréir le Cinneadh (AE) 2017/1937 ón gComhairle[1].

(2) Formheasadh TCT thar ceann an Aontais an 4 Márta 2019[2] agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Bealtaine 2019.

(3) ,Bunaíodh an Coiste Stiúrtha Réigiúnach faoi TCT chun TCT a riar agus a chur chun feidhme mar is cuí.

(4) Tá sé beartaithe go nglacfaidh an Coiste Stiúrtha Réigiúnach cinntí maidir le leasuithe ar Chinneadh Uimh. 2019/3 uaidh, i dtaca le rialacha maidir le liúntais oideachais le haghaidh Bhuanrúnaíocht an Chomhphobail Iompair agus i dtaca le rialacha maidir le hiasacht agus saineolaithe fostaithe go háitiúil, faoi seach.

(5) Os rud é go bhfuil cinntí den sórt sin riachtanach do dea-fheidhmiú Bhuanrúnaíocht an Chomhphobail Iompair, is iomchuí an seasamh atá le ghlacadh thar ceann an Aontais sa Choiste Stiúrtha Réigiúnach a bhunú maidir le glacadh na gcinntí sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

1 Cinneadh (AE) 2017/1937 ón gComhairle an 11 Iúil 2017 maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chonartha lena mbunaítear an Comhphobal Iompair (IO L 278, 27.10.2017, lch. 1).

2 Cinneadh (AE) 2019/392 ón gComhairle an 4 Márta 2019 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chonartha lena mbunaítear an Comhphobal Iompair (IO L 71, 13.3.2019, lch. 1).

*Airteagal 1*

Maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gCoiste Stiúrtha Réigiúnach an Chomhphobail Iompair a mhéid a bhaineann leis na cinntí lena leasaítear Cinneadh Uimh. 2019/3 i dtaca le rialacha maidir le liúntais oideachais do Bhuanrúnaíocht an Chomhphobail Iompair agus i dtaca le rialacha maidir le hiasacht agus saineolaithe fostaithe go háitiúil, faoi seach, beidh sé bunaithe ar na dréachtchinntí ón gCoiste Stiúrtha Réigiúnach atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

Féadfaidh ionadaithe an Aontais sa Choiste Stiúrtha Réigiúnach toiliú do mhionathruithe ar na dréachtchinntí gan cinneadh eile ón gComhairle.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i/in/sa ...,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*